

an Linbh agus Íomhá Linbh an

Réamhrá

Is ionann roinnt de na prionsabail in *Aistear* agus in *Síolta*. Tá prionsabail *Aistear* ar lgh. 7-12, an rannán *Prionsabail agus Téamaí* i leabhar *Aistear*. Tá prionsabail *Síolta* ar lgh. 6-10 sa *Lámhleabhar maidir le Cúram Lae Lánaimseartha agus Páirtaimseartha*. Is féidir go mbeidh siad seo ina gcuid agat agus tú ag forbairt do churaclaim de bharr gur féidir iad a úsáid le bonn eolais a chur faoi na próisis athbheithnithe, mheastóireachta agus feabhsaithe leantacha. Tá na prionsabail seo bunaithe ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá tábhacht ag baint leo i dtaobh curaclaim luath-óige thar réimse fealsúnachtaí éagsúla. Tá na prionsabail dírithe ar a bhfuil ar eolas againn faoin gcaoi a smaoiníonn agus a bhfoghlaímíonn leanaí, faoi na daoine agus na rudaí is tábhachtach leo, agus faoin gcaoi a mbíonn a gcuid fiosrúcháin agus foghlama bunaithe ar a n-ábhair spéise féin. Is féidir leis na prionsabail, mar aon leis na téamaí in *Aistear*, cabhrú leat curaclaim a phleanáil agus a fhorbairt chun tacú le forbairt iomlánaíoch na leanaí uile.

Trí thagairt do *Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh* (CNAACL, 1989), aibhsítear in *Aistear* agus in *Síolta* cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh leanaí páirteach i gcinntí a bhainfidh leo agus go mbeidh meas ar a gcuid tuairimí agus roghanna. Baineann Ailt 3 agus 12 de CNAACL leis an luath-óige go háirithe. Luaitear in Alt 3 *gurb é leas an linbh an cúram is mó dá bhfuil ann i ngach gníomh a bhaineann le leanbh* agus luaitear in Alt 12 *go gcaithfear tuairimí an linbh a chur san áireamh i ngach a mbaineann leis/léi*. Cuirtear na leanaí i gcroílár a gcuid foghlama agus forbartha féin sna prionsabail

in *Aistear* agus in *Síolta* agus breathnaítear orthu mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu agus dualgais orthu, saor ó aon chineál leithcheala. Breathnaítear ar leanaí mar fhoghlaimoirí muiníneacha, inniúla, fiosracha agus cruthaitheacha sna Creata freisin.

Chun curaclaim a fhorbairt ina léirítear an dearcadh seo ar leanaí, ní mór do chleachtóirí seasamh siar, machnamh a dhéanamh, éisteacht, leanaí a mhealladh chun a bheith páirteach, agus deiseanna a thabhairt dóibh a n-inniúlacht agus a muinín a léiriú, machnamh a dhéanamh ar an méid seo agus eispéiris a thabhairt dóibh d'fhonn tacú leo dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile dá n-aistear foghlama. Tús maith ó thaobh forbairt curaclaim de, mar sin, is ea na ceisteanna *cén íomhá atá agam ar an leanbh? An bhfuil mé ar aon intinn leis na dearcthaí in Aistear agus in Síolta? Má tá, cén chaoi a léirítear é seo in eispéiris na leanaí, sa timpeallacht, agus i mo chuid idirghníomhaíochtaí le leanaí?* Beidh impleachtaí tábhachtacha don churaclaim ag an íomhá atá agat ar gach aon leanbh aonair agus ag an gciall a bhainfidh tú as a c(h)earta.

Is tábhachtach chomh maith go mbeifeá in ann na prionsabail a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag do curaclam a mhíniú. Tá roinnt gníomhaíochtaí sa Treoir Chleachtais a chabhróidh leat dul i dtiaithí ar na prionsabail in *Aistear* agus in *Síolta* agus a gciallaíonn siad duitse, do na cleachtóirí eile agus do na leanaí i do shuíomh a chur faoi chaibidil.

Is fearr a bheidh sibh ar fad in ann leanúnachas a bhaint amach ó thaobh cleachtais de i ngach láthair agus i ngach seomra de bhur suíomh má bhíonn sibh ar aon tuairim mar fhoireann. De réir mar a dhéanfaidh tú machnamh ar do chleachtas agus forbairt ar an íomhá atá agat ar an leanbh mar dhuine inniúil, muiníneach, beidh tú ag cur CNAEL (1989) i ngníomh i do shuíomh féin.

Is ionann formhór na bprionsabal in *Aistear* agus in *Síolta* agus tá siad bailithe le chéile ina ngrúpaí faoi thrí cheannteideal. Gabhann alt gairid le gach grúpa, ina ndéantar achoimre ar na príomhsmaointe a bhaineann leis an ngrúpa áirithe sin, mar aon le liosta de na prionsabail is ábhartha sa dá chreat. Tá cód ag gach prionsabal – léiríonn cód a bhfuil A iontu prionsabal in *Aistear* agus léiríonn cód a bhfuil S iontu prionsabal in *Síolta*. I gcás fhormhór na bprionsabal tá idir A agus S ann, rud a chiallaíonn go bhfuil an prionsabal mar bhonn agus mar thaca ag an dá chreat. Tá roinnt de na prionsabail an-chosúil lena chéile freisin, cé nach ionann na hainmneacha a úsáidtear le tagairt dóibh. Féach Tábla 1 ar leathanach 3 le haghaidh an phríomhailt agus an phríomhgrúpa.

Tá roinnt gníomhaíochtaí ar fáil le cabhrú leat dul i dtiaithí ar na prionsabail agus machnamh a dhéanamh ar an tionchar a bheidh acu ar do chuid oibre le leanaí. Tá na gníomhaíochtaí seo ceaptha lena gcur i gcrích de réir a chéile ar luas a fheilfidh duit.

Tábla 1: Na Prionsabail a bhfuil Aistear agus Síolta bunaithe orthu

Grúpa 1: Leanaí agus a saol sa luath-óige	
<p>Ré shuntasach faoi leith is ea an luath-óige i saol an duine nach mór meas agus ómós a thabhairt di agus í a chothú. Tá a s(h)raith eispéireas féin agus scéal uathúil beatha ag gach aon leanbh, agus tá gach leanbh muiníneach agus inniúil. Tá sé ríthábhachtach féiniúlacht, láidreachtaí, cearta agus riachtanais gach linbh a aithint, agus cuireann siad le heispéireas luath-óige ar ardchaighdeán ina gcuirtear chun cinn tuiscint ar chomhionannas, cearta agus freagrachtaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Comhionannas (A agus S) • Éagsúlacht (A agus S) • Uathúlacht an linbh (A) agus Tús Áite do Leanaí (S) • Leanaí mar shaoránaigh (A) agus Luach na Luath-Oige (S)
Grúpa 2: Naisc leanaí le daoine eile	
<p>Bíonn leanaí ag foghlaim agus ag forbairt trí chaidrimh gheanúla, chothaitheacha, mheasúla le daoine fásta agus le leanaí eile. I gcás daoine fásta a bhíonn ag obair le leanaí, déanann siad a ndícheall caidrimh bhríocha a fhorbairt leo mar aon le caidreamh a chothú leis na tuismitheoirí. Tá sé tábhachtach freisin an teaghlach sínte a aithint agus naisc a chothú leo. Cuireann na naisc chómhalartacha sin le heolas agus le tuiscint chomhroinnte trína dtacaítear le forbairt iomlánaíoch leanaí. Bíonn na baill foirne ag obair go héifeachtach mar fhoireann, agus bíonn meas ar chleachtas machnamhach leanúnach mar chuid den phróiseas sin.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Caidrimh (A agus S) agus Folláine agus Leas (S) • Tuismitheoirí, an teaghlach agus an pobal (A agus S) • Ról an duine fhásta (A agus S), Oideolaíocht (S) agus Obair bhuíne (S)
Grúpa 3: An chaoi a bhfoghlaímíonn agus a bhforbraíonn leanaí	
<p>Bíonn leanaí ag foghlaim go leor rudaí éagsúla ag an am céanna agus ar bhealaí éagsúla. Cuireann siad lena n-eolas agus lena n-eispéireas tríd an súgradh agus tríd an bhfoghlaím ghníomhach le heispéiris theagmhálacha. Ar an gcaoi sin, forbraíonn siad meonta, scileanna, dearccháí agus luachanna, eolas agus tuiscint. Cinntíonn an measúnú leanúnach go ndéantar forbairt ar eispéiris agus go mbíonn siad idir ábhartha agus bhríoch. Tá cumarsáid agus teanga ríthábhachtach ó thaobh na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha de. Imríonn timpeallachtaí, bídis laistigh nó lasmuigh, atá ionadaíoch do na leanaí uile tionchar ar a bhfoghlaímíonn na leanaí agus ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn siad. Cothaíonn dea-thimpeallachtaí an neamhspleáchas, an fhiosracht agus an muintearas.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Súgradh (A agus S) • Timpeallacht (A agus S) • Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch (A) • Foghlaim ghníomhach (A) • Eispéiris ábhartha agus bhríocha (A) • Cumarsáid agus teanga (A)